

Plé le hOthair

Léiriú praiticiúil ar an modh aimsigh-soláthair-aimsigh

In 2002 bhunaigh staidéar eolaíoch¹ modh cumarsáide le hothair ina raibh torthaí a chabhraigh le cliniceoirí déileáil le comhairliúcháin dheacra faoi ordú antaibheathach le haghaidh géar-ionfhabhtuithe riospráide.

“Aimsigh-soláthair-aimsigh” a thugtar ar an modh seo atá dírithe ar an othar agus ar féidir a oiriúnú do chásanna clínicíúla éagsúla. Léiríonn trialacha úrnua clínicíúla^{2,3} go gceadaíonn ardscoilleana cumarsáide bunaithe ar an modh seo i gcleachtadh ginearálta do lianna cúraim phríomhúil níos lú antaibheathach a thabhairt ar oideas mar aon le hardleibhéal sástachta a chinntiú i measc othar, gan dul i bhfeidhm ar an méid ama a thógann sé ar othair teacht chucu féin agus ar thréimshí comhairliúcháin.

Ina theannta sin, tá fianaise ann go bhféadfadh oideachas ar othair a bheith mar thoradh le laghdú ar rátaí athchomhairliúcháin agus úsáid antaibheathach d’ionfhabhtuithe sa chonair riospráide⁴. Trí ábhair faisnéise d’othair a úsáid i rith comhairliúcháin féadfar teachtaireachtaí na n-ordaitheoirí a chothú agus comhlíonadh na n-othar leis an straitéis bheartaithe bainistíochta a chothú go fadtréimhseach.

Moladh mar chuid den mhúnla plé le hothair thíos modh ar féidir le hordaitheoirí cúraim príomhúil a úsáid le hothair le linn comhairliúcháin faoi ionfhabhtuithe sa chonair riospráide bunaithe ar an múnla aimsigh-soláthair-aimsigh:

1) Aimsigh:

- Faigh amach céard atá ag déanamh inní don othar faoina b(h)reoiteacht
- Faigh amach céard leis atá an t-othar ag súil ón mbainistíocht

2) Soláthair:

- Míniú an bhreoiteacht don othar, lena n-áirítear go mbeidh corp an othair in ann déileáil leis an mbreoiteacht é féin
- Míniú na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le hantaibheathaigh agus an baol a bhaineann le frithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach
- Cuir comhairle ar an othar faoi straitéisí féinbhainistíochta
- Míniú an tréimhse ama ar dócha go mbeidh an galar seo ag an othar
- Míniú na siomptóim a chiallóidh go mbeadh athchomhairliúcháin éigeantach

3) Aimsigh:

- Cinntigh gur thuig an t-othar agus go bhfuil sé/sí ag comhaontú leis an straitéis a pléadh

Tá sé mar aidhm le múnla an phlé le hothair thíos treoir agus tacaíocht a thabhairt d’ordaitheoirí cúraim phríomhúil a mbíonn orthu déileáil le brú ó othair antaibheathaigh a thabhairt dóibh mar aon le húsáid fheiliúnach antaibheathach a chur chun cinn i measc othar.

¹Rollnick S, Kinnersley P, Butler C. Context-bound communication skills training: development of a new method. *Med Educ* 2002;36:377–83.

²Cals JW, Butler CC, Hopstaken RM, Hood K, Dinant GJ., Effect of point of care testing for C reactive protein and training in communication skills on antibiotic use in lower respiratory tract infections: cluster randomised trial. *BMJ*. 2009 May 5;338:b1374. doi: 10.1136/bmj.b1374.

³Cals JW, Scheppers NA, Hopstaken RM, Hood K, Dinant GJ, Goettsch H, Butler CC., Evidence based management of acute bronchitis; sustained competence of enhanced communication skills acquisition in general practice. *Patient Educ Couns*. 2007 Nov;68(3):270–8. Epub 2007 Aug 21.

⁴Francis NA, Hood K, Simpson S, Wood F, Nuttall J, Butler CC., The effect of using an interactive booklet on childhood respiratory tract infections in consultations: study protocol for a cluster randomised controlled trial in primary care. *BMC Fam Pract*. 2008 Apr 24;9:23.

Plé le hOthair

Léiriú praiticiúil ar an modh aimsigh-soláthair-aimsigh

